# ATHRÚ CHUIG SCOIL NÁISIÚNTA PHOBAIL (SNP)

## EOLAS DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA AGUS BAILL FOIRNE



SCOILEANNA NÁISIÚNTA Pobail

etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

# CAD É CUSPÓIR AN LEABHRÁIN SEO

SCOILEANNA NÁISIÚNTA Pobail

Is é is feidhm leis an leabhrán seo ná Boird Bhainistíochta agus baill foirne i scoileanna atá faoi stiúir na heaglaise a chur ar an eolas maidir le heiseamláir na Scoile Náisiúnta Pobail (SNP). Déantar é sin trí eolas tábhachtach faoi SNPanna a leagan amach agus cur síos a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir SNPanna agus cineálacha eile scoile.




## Cad is Scoileanna Náisiúnta Pobail ann?

Is scoileanna comhoideachais, il-sainchreidmheacha de chuid an stáit iad SNPanna a bhfuil na croíluachanna seo a leanas mar bhuntaca leo: barr feabhais san oideachas, cúram, comhionannas, pobal agus meas.

Cuireann SNPanna comhdheiseanna ar fáil do gach uile leanbh, agus déanann siad a ndícheall oideachas il-sainchreidmheach atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar an gcomhionannas a sholáthar do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Bunaíodh in 2008 iad agus tá siad faoi phátrúnacht agus faoi bhainistíocht Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) áitiúla.




## Cad is Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) ann?

Is comhlachtaí stáit iad BOOanna atá freagrach as oideachas agus oiliúint i SNPanna, i gColáistí Pobail, i gcoláistí um Breisoideachas agus Oiliúint, in obair don aos óg agus i réimse ionad oideachais do dhaoine fásta agus ionad breisoideachais. Is ann do 16 BOO ar fud Phoblacht na hÉireann agus freastalaíonn siad go léir ar a bpobail áitiúla faoi seach. Tá liosta de na SNPanna atá faoi phátrúnacht BOO faoi láthair ar fáil ar https://www.etbi.ie/schools-support-directorate/about-cnss/our-schools/

## Cad is Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) ann?

Is é Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) an comhlacht ionadaíochta a bunaíodh chun ionadaíocht a dhéanamh ar na 16 BOO in Éirinn agus a leasa a chur chun cinn. Tá ról gníomhach ag BOOÉ freisin ó thaobh tacaíocht a thabhairt do scoileanna a athchumraíonn (a athraíonn pátrúnacht) chuig scoil BOO. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le BOOanna agus BOOÉ, téigh chuig www.etbi.ie

# CAD IAD NA *COSÚLACHTAÍ* IDIR DO SCOIL MAR ATÁ SÍ ANOIS AGUS SNP?

Fanann go leor gnéithe de shaol na scoile mar an gcéanna nuair a dhéantar SNP de scoil. Leagtar amach thíos na príomhchosúlachtaí idir do scoil mar atá sí anois agus SNP:

## Curaclam

Ar nós na mbunscoileanna go léir in Éirinn, múineann SNPanna an curaclam náisiúnta arna leagan amach ag an Roinn Oideachais agus ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Bíonn an rochtain chéanna ag SNPanna ar sheirbhísí náisiúnta tacaíochta agus a bhíonn ag gach aon scoil eile.

## Soláthar Foirne

Ní thagann aon athrú ar fhoireann do scoile má dhéantar SNP di. Sa chás gur mhaith le múinteoirí (an príomhoide san áireamh) leanúint ar aghaidh ag múineadh i scoil lena mbaineann an t-éiteas céanna agus a scoil reatha, is féidir leo é sin a dhéanamh trí dhul ar phríomhphainéal an phátrúin atá ag imeacht ón scoil. Tá an Roinn Oideachais tar éis treoirlínte a fhorbairt chun na seirbhísí sin a éascú. Tá na treoirlínte sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na roinne.

## Leithdháileadh Foirne

Baineann na leithdháiltí foirne céanna le SNPanna agus a bhaineann le gach bunscoil eile agus leagtar amach iad i gCiorclán an Sceidil Soláthair Foirne bliantúil agus i gciorcláin ábhartha eile.

## Íocaíocht Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanais Speisialta (CRSanna)

Íoctar múinteoirí agus CRSanna uile, ionadaithe san áireamh, a oibríonn i SNPanna trí phárolla na múinteoirí bunscoile agus CRSanna arna fheidhmiú ag an Roinn Oideachais thar ceann fostóirí scoile.

## Téarmaí agus Coinníollacha Foirne

Baineann na téarmaí agus coinníollacha céanna le múinteoirí agus CRSanna a oibríonn in SNPanna agus a bhaineann le gach aon bhunscoil eile toisc gurb é an tAire Oideachais a chinneann na téarmaí agus coinníollacha, i gcomhréir le halt 24(3) den Acht Oideachais, 1998 (arna leasú) , ceapacháin, ardú céime agus socruithe pinsin san áireamh.Tá roinnt eisceachtaí ann, áfach, agus leagfar amach iad sin sa chéad chuid eile den leabhrán seo.

## Painéil

Beidh cearta painéil fós ag múinteoirí agus CRSanna. Ceadófar do mhúinteoirí dul ar an bpainéal deoise (i gcás scoileanna Caitliceacha) ar feadh thréimhse 2 bhliain i ndiaidh athchumrú na scoile. Chomh maith leis sin, tá painéal do mhúinteoirí agus painéal do CRSanna ag gach BOO ar leith.

## Boird Bhainistíochta

Ar nós na mbunscoileanna ar fad in Éirinn, tá Bord Bainistíochta ag SNPanna agus leanann siad an *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna* is déanaí, arna fhorbairt ag an Roinn Oideachais. Baineann roinnt éagsúlachtaí le ról an Bhoird Bainistíochta i SNPanna agus leagfar amach iad sa chéad chuid eile den leabhrán seo. Tá '*Lámhleabhar Rialachais do Scoileanna Náisiúnta Pobail*' forbartha ag BOOÉ chun róil agus freagrachtaí rialachais bhaill an Bhoird Bainistíochta a shoiléiriú.

## Maoiniú

Ní thagann aon athrú ar na socruithe reatha a bhaineann le deontais ón Roinn Oideachais. I gcás SNP, déantar an maoiniú a lóisteáil go díreach i gcuntas bainc an BOO agus cuireann Aonad Airgeadais an BOO an scoil ar an eolas faoi ioncam, caiteachas agus iarmhéideanna trí Thuarascálacha Airgeadais a chuirtear amach ar bhonn rialta le linn na bliana.

# CAD IAD NA *PRÍOMHDHIFRÍOCHTAÍ* IDIR DO SCOIL MAR ATÁ SÍ ANOIS AGUS SNP?

Má dhéantar SNP den scoil, beidh athruithe i ndán ó thaobh fheidhmiú na scoile de. Leagtar amach thíos na príomhdhifríochtaí idir do scoil mar atá sí anois agus SNP:

## Éiteas

Baineann éiteas reiligiúnach le do scoil féin faoi láthair, díreach mar a bhaineann le formhór na scoileanna in Éirinn. Is scoileanna comhoideachais il-sainchreidmheacha de chuid an stáit iad SNPanna a bhfuil na croíluachanna seo a leanas mar bhuntaca leo: barr feabhais san oideachas, cúram, comhionannas, pobal agus meas . Táthar tar éis *Creat Pátrúin ar Éiteas* a fhorbairt freisin chun tacú le scoileanna éiteas an SNP a chur i ngníomh. Rachaidh pobal do scoile i dtaithí ar an doiciméad seo tríd an oiliúint leanúnach a chuirfear ar fáil dóibh ón BOO áitiúil agus ó BOOÉ a thacóidh le Boird Bhainistíochta agus foireann na scoile beocht a chur in éiteas an SNP.

## Státmhaoinithe agus faoi stiúir an stáit

Is iad na Scoileanna Náisiúnta Pobail an t-aon chineál bunscoile in Éirinn atá státmhaoinithe agus faoi stiúir an stáit, toisc go bhfuil siad faoi phátrúnacht BOOanna. Is scoileanna státmhaoinithe iad na bunscoileanna atá faoi phátrún ar bith eile, m.sh. Easpag, Ag Foghlaim le Chéile, An Foras Pátrúnachta, ach reáchtáiltear go príobháideach iad. Is pointe an-tábhachtach é go bhfuil SNPanna faoi stiúir an stáit toisc go bhfuil fonn atá ag dul i méid i measc an phobail go mbeidh an stát freagrach as príomhsheirbhísí poiblí, m.sh., sláinte.

## Comhoideachas

Más scoil aonghnéis í do scoil faoi láthair, athrófar chuig scoil chomhoideachais í má dhéantar SNP di.

## *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!*

Soláthraíonn scoileanna sainchreidmheacha ‘clár múnlaithe creidimh’ i reiligiún amháin ar leith, m.sh. an Caitliceachas. Leanann leanaí i SNP curaclam um oideachas il-sainchreidimh agus il-luachanna ar a dtugtar *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!* (*MLML*). Baineann *MLML* le hoideachas um aitheantas, léiríonn sé meas ar an oideachas, ar fhealsúnacht le/do leanaí agus ar oideachas reiligiúnach il-sainchreidmheach. Cuirfear múinteoirí agus ceannairí scoile faoi oiliúint leanúnach chun tacú leo *MLML* a mhúineadh. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le *MLML*, téigh chuig www.cns.ie .



[1] Athrú ar bith a dhéantar ar na socruithe seo, tiocfaidh se faoi réir comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara go léir.
[2] Chun ráiteas éitis iomlán na SNPanna a léamh, teigh chuig https://cns.ie/ethos-statement/

## Ullmhúchán Sacraimintiúil

Más scoil Chaitliceach do scoil faoi láthair, is dócha go ndéanann na múinteoirí ranga na leanaí Caitliceacha a ullmhú le haghaidh sacraimintí le linn an lae scoile. Ní tharlóidh sé sin a thuilleadh má dhéantar SNP den scoil. Beidh leanaí Caitliceacha fós in ann an Chéad Chomaoineach a dhéanamh, agus dul faoi lámh Easpaig (Cóineartú) freisin. Aistreofar chuig an bparóiste, áfach, an fhreagracht maidir le leanaí a ullmhú le haghaidh na sacraimintí. Aistreofar chuig an bparóiste an fhreagracht sin maidir le leanaí a ullmhú le haghaidh sacraimintí. Beidh na ranganna sin ar siúl i ndiaidh an lae scoile agus éascófar iad sa pharóiste nó san fhoirgneamh scoile.

Má tá spéis ag múinteoirí a oibríonn sa scoil agus a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí acu, is féidir leis an bparóiste iad a fhostú chun an obair seo a dhéanamh thar ceann an pharóiste. Bheadh a leithéid de shocrú idir an paróiste, tuismitheoirí agus na múinteoirí ábhartha agus ní bheadh bainistíocht na scoile freagrach as ar chor ar bith. Níl sé de dhualgas ar mhúinteoir ar bith na ceachtanna seo a éascú, áfach. Gheobhaidh an paróiste múinteoir eile mura dtagann léiriú spéise ó fhoireann na scoile.

## Ainm, Lógó/Suaitheantas na Scoile

An-seans go léiríonn ainm agus lógó do scoile éiteas reiligiúnach na scoile sin. Má dhéantar SNP den scoil, ní mór ainm agus lógó na scoile athrú chun éiteas il-sainchreidmheach na scoile a léiriú. Cé gur cheart ainm na scoile athchumraithe a shocrú sula n-athosclófar mar SNP í, is féidir an suaitheantas nua a fhorbairt de réir a chéile i gcomhairle le pobal na scoile.

## Éide Scoile

Is féidir le scoileanna an t-athrú pátrúnachta a úsáid mar dheis chun an éide scoile nó an beartas um éide scoile a athrú freisin. Is féidir é sin a dhéanamh de réir a chéile i gcomhairle le pobal na scoile. Níor cheart go gcuirfí costas breise ar thuismitheoirí mar thoradh ar athruithe ar bith a dhéanfaí ar an éide scoile. Ciallaíonn sé sin gur féidir le leanaí leanúint ar aghaidh ag caitheamh an éide scoile reatha ar feadh tréimhse, más gá.

## Tacaíochtaí ón BOO

Toisc go bhfuil SNPanna faoi phátrúnacht BOOanna, faigheann siad réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí nach mbíonn ar fáil i gcónaí do scoileanna eile. Cuireann BOOanna tacaíochtaí éitis, tacaíochtaí rialachais, tacaíochtaí oideachais, riaracháin agus airgeadais, tacaíochtaí acmhainní daonna agus teicneolaíochta faisnéise, tacaíochtaí caipitil agus tacaíochtaí tógála ar fáil do scoileanna. Tá tacaíochtaí agus oiliúint shuntasach ar fáil do phríomhoidí agus Boird Bhainistíochta go háirithe.

Tá ‘Stiúrthóir Scoileanna’ ag gach BOO agus tá ról ríthábhachtach aige/aici ó thaobh tacú le príomhoidí na SNPanna de. Is ceannairí scoile iad na Stiúrthóirí Scoile ar fad a bhfuil an-taithí acu, chomh maith le saineolas suntasach i gceannaireacht teagaisc agus oiliúna, rialachais agus bainistíocht scoileanna. Soláthraíonn siad tacaíocht, oiliúint agus comhairle leanúnach do phríomhoidí, leas-príomhoidí agus Boird Bhainistíochta i SNPanna.

> “Is tacaíocht iontach é Stiúrthóir na Scoileanna dom mar phríomhoide. Tá sé thar barr a bheith in ann glaoch a chur ar dhuine mar sin a bhfuil an-taithí aige ó thaobh ceannaireachta oideachais de, agus na saincheisteanna a thagann chun cinn sa scoil a phlé leis. Déanann an Stiúrthóir cinnte go mbíonn deis agam dul i dteagmháil le ceannairí eile scoile ar fud an BOO. Is mór an chabhair dom an líonra tacaíochta seo a bheith agam ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta laistigh den earnáil BOO. Tar éis saincheisteanna móra a phlé leis an Stiúrthóir, is féidir leis na saincheisteanna céanna a thabhairt chun suntais le BOOÉ más gá, agus ansin is féidir le BOOÉ aird na Roinne Oideachais agus na bpáirtithe leasmhara iomchuí a tharraingt ar na saincheisteanna céanna. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh tionchar mór a bheith ag príomhoidí ar bheartais náisiúnta maidir leis na saincheisteanna a théann i bhfeidhm go díreach orainn.”
>
> - (Teresa Coughlan, Príomhoide, SNP Charraig Thuathail, BOO Chorcaí)

## Tacaíochtaí ó BOOÉ

Chomh maith le tacaíochtaí ó BOOanna, baineann SNPanna tairbhe as tacaíocht leanúnach agus forbairt ghairmiúil ón BOOÉ. Soláthraíonn BOOÉ réimse tacaíochtaí do Stiúrthóirí Scoileanna (a sholáthraíonn tacaíochtaí ansin do SNPanna) ó thaobh ceannaireachta , bainistíochta, rialachais agus éiteas scoile.

Éascaíonn BOOÉ Líonra náisiúnta do Phríomhoidí SNP, rud a éascaíonn príomhoidí SNP comhoibriú le chéile ar shaincheisteanna áirithe, dea-chleachtas a chomhroinnt agus plé a dhéanamh ar an mbealach a chuireann éiteas an SNP bonn eolais faoi cleachtais cheannaireachta.

Tacaíonn BOOÉ go díreach le SNPanna (i gcomhar le BOOanna) i réimsí a bhaineann le héiteas an SNP agus leis an gcuraclam *MLML*.

## Beartais na Scoile

Forbraíodh beartais do scoile i gcomhréir lena héiteas reiligiúnach. Toisc go mbíonn lorg éiteas scoile ar bheartais agus cleachtais uile scoile ar bith, caithfear athbhreithniú a dhéanamh orthu go léir de réir a chéile chun éiteas an SNP a léiriú. Tá BOOÉ/an BOO áitiúil tar éis roinnt teimpléad de bheartais a fhorbairt i réimsí amhail Iontrálacha/ RGCS, Nósanna Imeachta Tuismitheoirí chun Gearán a Dhéanamh, srl. a chabhróidh leis an scoil sa phróiseas seo.

## Ról an Bhoird Bainistíochta

Cé go bhfuil ról lárnach ag Boird Bhainistíochta SNPanna ó thaobh bhainistiú na scoile de, tá roinnt príomhdhifríochtaí i gceist i ról an Bhoird Bainistíochta i SNP agus i gcineálacha eile scoile. Baineann an dá phríomhdhifríocht is mó le hairgeadais agus fostaíocht.

### Airgeadas

Cé go bhfuil freagrachtaí maoirseachta ó thaobh airgeadais leagtha ar an mBord Bainistíochta i SNP, níl aon Chisteoir ar Bhord Bainistíochta na scoile. Is ar Phríomhfheidhmeannach an BOO atá an fhreagracht deiridh as cúrsaí airgeadais na scoile. Tacaíonn an tAonad Airgeadais sa BOO leis an bpríomhoide chun a chinntiú go bhfuil cúrsaí airgeadais na scoile in ord.

### Fostaíocht

Má dhéantar SNP den scoil, is é an BOO fostóir (ní an pámhaistir) na foirne ansin seachas Bord Bainistíochta na scoile. Mar sin, ní bhíonn an Bord Bainistíochta freagrach a thuilleadh as saincheisteanna Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch. Is freagracht an BOO i gcomhar le príomhoide na scoile ansin iad. Tá Rannóg AD speisialaithe ag gach BOO chun tacú leis an bpríomhoide chuige sin.

> "Is mór an tairbhe don Chathaoirleach agus don Bhord Bainistíochta i gcoitinne a bheith faoi phátrúnacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Mar ghníomhaireacht áitiúil dhaonlathach reachtúil, tá an-taithí ag an mBord Oideachais agus Oiliúna i ndéileáil le saincheisteanna oideachais agus tá sé freagrúil ar riachtanais shainaitheanta leis. Cuireann an Bord Oideachais agus Oiliúna ardtacaíocht chórasach ar fáil do réimse iomlán ghnó an bhoird agus na scoile, chomh maith le sainchomhairle agus sainoiliúint a chur ar fáil do gach aon duine a bhaineann leis an Scoil Náisiúnta Phobail. Níl aon dabht ach go bhfuil cúinsí riaracháin an oideachais ag éirí níos casta agus sa chomhthéacs sin, soláthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna tacaíochtaí iontacha bríomhara a chuireann bonn agus taca faoi theagasc agus foghlaim ar bhealach gairmiúil réamhghníomhach."
>
> - (An Dochtúir Pádraig Ó Donnabháin, Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta;
> Scoil Náisiúnta Phobail Dhá Mhíle, Scoil Náisiúnta Phobail Thathuile agus Scoil Náisiúnta Phobail an Ghleanna; BOO Chiarraí).

# CÚRSAÍ FOSTAÍOCHTA[3]:

**Múinteoirí agus CRSanna :** Cad a chiallaíonn athrú fostóra do mhúinteoirí agus do CRSanna?

Leagtar amach anseo thíos na príomhréimsí a bhfanfaidh mar an gcéanna agus áirítear ann freisin na hathruithe a bheidh i gceist de bharr athrú fostóra.

## Téarmaí agus coinníollacha

Fanann téarmaí agus coinníollacha múinteoirí agus CRSanna díreach mar atá siad faoi láthair, i gcomhréir le halt 24 den Acht Oideachais, 1998 (arna leasú), lena n-áirítear a gceapacháin, ardú céime agus socruithe pinsin, a bhfanfaidh mar an gcéanna faoi réir na heisceachtaí seo a leanas:

- Beidh an BOO ina fhostóir ar na múinteoirí agus CRSanna go léir le héifeacht ó dháta an aistrithe pátrúnachta.

- Bainfidh na beartais agus nósanna imeachta seo a leanas a comhaontaíodh go náisiúnta leis na múinteoirí agus CRSanna arna bhfostú ag BOO (beidh siad difriúil ó bheartais do scoile reatha):
  - Beartas um Bulaíocht a Chosc
  - Beartas um Chiapadh/Chiapadh Gnéasach a Chosc
  - Nósanna Imeachta um Chasaoidí, le haghaidh baill foirne arna bhfostú ag BOOanna
  - Nós Imeachta an BOO um Ghearáin

Tá na beartais go léir thuasluaite ar fáil ar shuíomh gréasáin BOOÉ agus ón BOO iomchuí freisin.

- Tá roinnt difríochtaí idir na nósanna imeachta a bhaineann le múinteoirí agus CRSanna a chur ar fionraí nó a bhriseadh as a bpost toisc gurb é an BOO a bhfostóir seachas an Bord Bainistíochta. Tá na nósanna imeachta seo leagtha amach i gCiorcláin Roinne atá le fáil ar mhír na Roinne Oideachais de gov.ie

- Leanfaidh múinteoirí agus CRSanna den rochtain chéanna a bheith acu ar scéimeanna éagsúla maidir le saoire, creidmheas incriminteach, saoire bhreoiteachta, srl. de réir a ngrád reatha.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:

Toisc go n-athróidh fostóir fhoireann iomlán na scoile ón mBord Bainistíochta chuig an BOO, beidh ar chúntóirí speisialta dul trí phróiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula dtosóidh siad ag obair sa scoil nuair a athosclófar í mar SNP. Ní gá do mhúinteoirí dul trí phróiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána; beidh orthu, áfach, cóip dá nochtadh grinnfhiosrúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta a thabhairt don BOO tríd an réiteach ar líne 'Digitary' chun na riachtanais in Alt 12 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 agus 2016 a chomhlíonadh.





[3] Níl sa mhír seo ach réamhrá neamh-uileghabhálach ar chúrsaí a bhaineann le conarthaí. Cuirfidh an BOO áitiúil tuilleadh eolais maidir le téarmaí agus coinníollacha ar fáil níos faide ar aghaidh sa phróiseas athchumraíochta.

# CÚRSAÍ FOSTAÍOCHTA:

### Painéil

Tá sé de cheart ag múinteoirí dul ar an bPríomhphainéal Ath-Imlonnaithe agus ar an bPainéal Forlíontach laistigh dá BOO, mar a leagtar amach sa Chiorclán is déanaí maidir le Socrúcháin Foirne.

Sa chás go bhfuil baill foirne barrachais sa leithdháileadh teagaisc den scoil atá i mbun pátrúnacht a aistriú, beidh gnáthfheidhm ag na socruithe a leagtar amach i 'Socruithe Ath-Imlonnaithe ar Leibhéal Bunscoile do Mhúinteoirí Buana agus Múinteoirí le CID', ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- » Ar feadh thréimhse 2 bhliain ó dháta an aistrithe pátrúnachta, beidh an deis ag múinteoirí barrachais rogha a dhéanamh idir dul ar phríomhphainéal an phátrúin imeachta nó ar phríomhphainéal an phátrúin nua.

Beidh deis ag múinteoirí atá ag obair sa scoil ar dháta an aistrithe phátrúnachta rogha a dhéanamh ath-imlonnú deonach a lorg chuig scoil eile trí phríomhphainéal an phátrúin reatha (imeachta). Tá na treoirlínte a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais maidir leis sin le fáil ar https://www.gov.ie/en/publication/811e2-schools-reconfiguration-for-diversity.

Cuirfear CRSanna ar phainéal CRS an BOO agus aistreofar a seirbhís leo, de réir Chiorclán ábhartha na Roinne.

**Rúnaithe, Feighlithe, Glantóirí:** Cad a chiallaíonn athrú fostóra do rúnaithe, feighlithe agus glantóirí?

Má dhéantar SNP den scoil, tá sé de rogha ag baill foirne nach múinteoirí ná Cúntóirí Riachtanais Speisialta iad, na téarmaí agus coinníollacha atá acu cheana féin a choinneáil, nó is féidir leo aistriú chun a bheith ina bhfostaithe de chuid na hearnála poiblí agus leas a bhaint as na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis sin. Is féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an rogha is fearr dóibh féin tar éis é a phlé tuilleadh leis an rannóg Acmhainní Daonna sa BOO áitiúil. Sa dá chás, beidh rúnaithe, feighlithe agus glantóirí á n-íoc go díreach ag an BOO. Má shocraíonn foireann choimhdeach aistriú chuig pá scála BOO, aistreofar iad chuig an bpointe iomchuí ar an scála i ndáil leis an bpá a bhí acu roimh an athchumraíocht. I gcás foireann choimhdeach nua a fhostaítear i ndiaidh an aistrithe pátrúnachta, cuirfear ar Phointe 1 ar phá-scála an BOO iad, áfach.

Féadfaidh athrú teacht ar mhinicíocht an phá i gcomhréir le minicíochtaí pá an BOO áitiúil, ach cuirfear baill foirne ar an eolas faoi sin roimh ré.

Féadfaidh go mbeidh daoine áirithe incháilithe do scéimeanna iomchuí na hearnála poiblí um aoisliúntas, saoire bhreoiteachta, saoire bhliantúil agus tuarastal imcriminteach, de réir mar a bhaineann siad le do ghrád. Beidh ar an BOO athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha reatha agus mionsonraí a thabhairt don fhoireann maidir leis an scéim ábhartha, de réir mar is iomchuí. Buailfidh an Rannóg AD sa BOO áitiúil le foireann choimhdeach chun a roghanna a phlé leo sula dtarlóidh an t-aistriú pátrúnachta.

- Baineann na beartais agus nósanna imeachta seo a leanas a comhaontaíodh go náisiúnta le SNP:
- Beartas um Bulaíocht a Chosc
- Beartas um Chiapadh/Chiapadh Gnéasach a Chosc
- Nósanna Imeachta um Chasaoidí, le haghaidh baill foirne arna bhfostú ag BOOanna
- Nós Imeachta an BOO um Ghearáin

Beidh na beartais go léir thuasluaite ar fáil ar shuíomh gréasáin BOOÉ (www.etbi.ie) agus ba cheart go mbeidís ar fáil ón BOO áitiúil iomchuí chomh maith.

Toisc go n-athrófar fostóir fhoireann choimhdeach na scoile ón mBord Bainistíochta chuig an BOO, caithfidh an fhoireann sin dul trí phróiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula dtosóidh siad ag obair sa scoil arís nuair a athosclófar í mar SNP. Eagrófar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána tríd an BOO áitiúil.

# CONAS A THACÓFAR LE DO SCOIL AN T-ATHRÚ A DHÉANAMH CHUIG SCOIL NÁISIÚNTA PHOBAIL?

Cuirfear ionduchtúchán agus oiliúint leanúnach ar fáil do cheannairí scoile chun tacú le haistriú a scoile chuig córais airgeadais agus soláthair an BOO, srl.

Cuirfidh an BOO áitiúil agus BOOÉ deiseanna foghlama gairmiúla ar fáil chun cabhrú le scoileanna dul i ngleic leis an athrú ó thaobh éitis de, agus chun teagasc agus foghlaim *MLML a éascú.*

> "Tá an t-ádh dearg linn tacaíocht BOOÉ a bheith againn ag an leibhéal beartais agus ag leibhéal an phobail. Fuaireamar tacaíocht le gach gné de shaol na scoile, ó iontrálacha go saincheisteanna ag an leibhéal náisiúnta. Is féidir linn brath i gcónaí ar BOOÉ feidhmiú mar ghuth do cheannairí scoile ag an leibhéal náisiúnta. Ar leibhéal praiticiúil, le blianta beaga anuas, bhí BOOÉ lárnach ó thaobh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt agus cur chun feidhme leanúnach churaclam an phátrúin, *Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!* Éascaíonn BOOÉ an líonra tacaíochta do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do bhaill foirne eile sa réimse seo agus in go leor gnéithe eile de shaol na scoile."
>
> - (Michael Byrne, Príomhoide, SNP Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard, BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire)

# CÉN ÁIT AR FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL?

### Cén áit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoin eiseamláir SNP agus BOOanna?

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an eiseamláir SNP, téigh chuig www.cns.ie
Chun tuilleadh eolais a fháil faoi BOOanna agus BOOÉ, téigh chuig www.etbi.ie nó chuig suíomh gréasáin do BOO áitiúil.

### Cén áit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoi Phróiseas Athchumraíochta Scoileanna ar son na hIlchineálachta?

Tá treoir do phobail scoile maidir leis an bpróiseas seo foilsithe ag an Roinn Oideachais.
Tá sé ar fáil ar gov.ie anseo.



"Mar phríomhoide nuacheaptha, fuair mé tacaíocht iontach ón BOO. Thug an fhoireann ilghnéitheach, faoi stiúir an Stiúrthóra, saintreoir dom i mo ról nua agus thug siad tacaíocht riachtanach dom agus an scoil á bunú. De réir agus a d'fhás an scoil, rinne an fhoireann foirgníochta comhordú ar iarratais a chun seomra ranga agus acmhainní nua a fháil. Tá an rannóg AD tar éis cabhrú go mór linn leis an ngné riaracháin d'earcú múinteoirí agus CRSanna, rud a chiallaíonn go raibh i bhfad níos mó ama agam cúrsaí teagaisc agus foghlama sa scoil a stiúradh. Leis na tacaíochtaí TF arna gcur ar fáil ag an bhfoireann TFC, is féidir a bheith cinnte go bhfuil ár gcórais agus gléasanna TF táirgiúil, rud a chinntíonn go mbaineann na daltaí go léir tairbhe as teagasc agus foghlaim an 21ú haois. Oibríonn an fhoireann airgeadais agus na hoifigigh sholáthair laistigh de rannóg na Seirbhíse Corparáidí agus Oideachais go crua chun a chinntiú go bhfuil ár gcúrsaí airgeadais in ord. Faighimid tacaíocht iontach freisin ó rannóg Shláinte agus Sábháilteachta an BOO ó thaobh fanacht suas chun dáta le rialacháin agus beartas chun, sa mhéad go bhfuil sé indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, daltaí agus cuairteoirí go léir a chinntiú."

- (Jacqui McCusker, Príomhoide, SNP Fhochairde, BOO Lú agus na Mí)

16

Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Ag an leibhéal iar-bhunscoile, tá BOOanna ar an soláthraí is mó d'oideachas trí mheán na Gaeilge.

Tá BOOanna ar an soláthraí is mó d'oideachas il-sainchreidmheach in Éirinn

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Coláistí Pobail

Breisoideachas agus Oiliúint

"Ón gcéad lá a d'aistríomar chuig Scoil Náisiúnta Phobail, ceann de na buntáistí is mó atá againn ná an tacaíocht a chuireann ár BOO ar fáil dúinn. D'éirigh lenár n-iarratas ar Dheontas na nOibreacha Éigeandála maidir le fuinneoga agus sreangú nua a fháil sa scoil. Cuirfidh na deontais mhóra seo feabhas mór ar fhoirgneamh na scoile, ach is fíor a rá nach mbeimis tar éis iad a fháil ar chor ar bith gan saineolas Roinn Foirgníochta an BOO."

- (Conor McCarthy, Príomhoide, SNP Thamhlachta,
BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire)

# EOLAS TEAGMHÁLA ETB

**BOO AN CHABHÁIN & MUINEACHÁIN**
047 30888 > info@cmetb.ie > www.cmetb.ie

**BOO CHORCAÍ**
021 4907100 > info@corketb.ie > www.corketb.ie

**BOO CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH**
01 6680614 > info@cdetb.ie > www.cdetb.ie

**BOO DHÚN NA nGALL**
074 9161600 > info@donegaletb.ie > www.donegaletb.ie

**BOO BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**
01 4529600 > info@ddletb.ie > www.ddletb.ie

**BOO NA GAILLIMHE & ROS COMÁIN**
091 874500 > info@gretb.ie > www.gretb.ie

**BOO CHIARRAÍ**
066 7121488 > info@kerryetb.ie > www.kerryetb.ie

**BOO CHILL DARA & CHILL MHANTÁIN**
045 988 000 > admin@kwetb.ie > www.kildarewicklow.etb.ie

**BOO CHILL CHAINNIGH & CHEATHARLACH**
059 9138560 > info@kcetb.ie > www.kilkennycarlow.etb.ie

**BOO LAOISE & UÍBH FHAILÍ**
057 8621352 > info@loetb.ie > www.loetb.ie

**BOO LUIMNIGH & AN CHLÁIR**
061 442 100 > info@lcetb.ie > www.lcetb.ie

**BOO AN LONGFOIRT & NA hIARMHÍ**
044 9348389 > info@lwetb.ie > www.lwetb.ie

**BOO LÚ & NA MÍ**
046 906 8200 > education@lmetb.ie > www.lmetb.ie

**BOO MHAIGH EO, SHLIGIGH & LIATROMA**
094 902 4188 > infomayo@msletb.ie > www.msletb.ie

**BOO THIOBRAID ÁRANN**
067 31250 > nenagh@tipperaryetb.ie > www.tipperary.etb.ie

**BOO PHORT LÁIRGE & LOCH GARMAN**
053 912 3799> info@wwetb.ie > www.waterfordwexford.etb.ie

SCOILEANNA NÁISIÚNTA Pobail

www.etbi.ie

etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*


Cnoc an Phíobaire,
Bóthar Chill Chuillinn,
An Nás, Co Chill Dara, W91K729

@etbi_ireland

@Education & Training Boards Ireland

@ETBIreland

@Education and Training Boards Ireland

Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP)

www.cns.ie

@CNSIreland



BOOÉ 2022